

ÚBE/GL/2022/10

29/07/2022

Treoirlínte

do na critéir chun gnólachtaí infheistíochta a dhíolmhú ó riachtanais leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 43(4) de Rialachán (AE) 2019/2033

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Leagtar amach sna treoirlínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó murab amhlaidh cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh, faoi 28.11.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt "EBA/GL/2022/10" a úsáid. Ba cheart gur daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údaráis inniúla a chuireann na fógraí isteach. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Ar aon dul le hAirteagal 16(3), foilseofar na fógraí ar láithreán gréasáin an ÚBE.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

5. Sonraítear leis na treoirlínte seo tuilleadh na critéir a fhéadfaidh údaráis inniúla a chur san áireamh agus gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a dhíolmhú ó cheanglais leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2019/2033.

Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le gnólachtaí infheistíochta ar bhonn aonair laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2019/2033.

Seolaithe

7. Díritear na treoirlínte seo ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointí (2)(i) agus (2)(viii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus chuig institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ar gnólachtaí infheistíochta iad a chomhlíonann na coinníollacha chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha atá leagtha amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

Sainmhínithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte ag na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/2034 agus i Rialachán (AE) 2019/2033.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

9. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ó 28.11.2022.

4. Treoirlínte

4.1 Breithnithe ginearálta

10. Féadfaidh údaráis inniúla gnólacht infheistíochta a chomhlíonann na coinníollacha maidir le cáiliú mar ghnólacht infheistíochta beag agus neamh-idirnasctha mar atá leagtha amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a dhíolmhú ó na ceanglais leachtachta a leagtar amach in Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcás ina gcomhlíonann gnólacht infheistíochta na critéir maidir leis an díolúine a leagtar amach sna treoirlínte seo.
11. I gcás ina bhfuil ceanglais shonracha leachtachta forchurtha ag údarás inniúil faoi Airteagal 42 de Threoir (AE) 2019/2034 ar ghnólacht infheistíochta, ní féidir gnólacht infheistíochta den sórt sin a dhíolmhú ó cheanglais leachtachta ach amháin nuair a scoirfidh sé de bheith faoi réir ceanglais leachtachta shonracha den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir (AE) 2019/2034.
12. Níor cheart d'údaráis inniúla gnólacht infheistíochta a dhíolmhú ó na ceanglais leachtachta faoi Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 ach amháin bunaithe ar iarratas ó ghnólacht infheistíochta a bheith díolmhaithe. In éineacht le hiarratas den sórt sin, ba cheart don ghnólacht infheistíochta an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil a mheasúnú an bhfuil ceanglais na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin cur síos ar ghníomhaíocht an ghnólachta infheistíochta agus ar an gcaoi a gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta ceanglais na díolúine.

4.2 Gnólachtaí infheistíochta atá incháilithe don díolúine

13. Maidir leis an díolúine ó na ceanglais leachtachta faoi Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, níor cheart d'údaráis inniúla ach gnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn na seirbhísí infheistíochta teoranta seo a leanas a mheas:
 - i) glacadh agus tarchur orduithe i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointe (1) de Threoir 2014/65/AE;
 - ii) forghníomhú orduithe thar ceann cliant dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointe (2) de Threoir 2014/65/AE;
 - iii) bainistiú punainne dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointe (4) de Threoir 2014/65/AE;
 - iv) comhairle infheistíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointe (5) de Threoir 2014/65/AE;

- v) ionstraimí airgeadais a láithriú gan bonn daingean gealltanais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn A, pointe (7) de Threoir 2014/65/AE.
14. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an bhfuil riosca leachtachta mar thoradh ar sheirbhísí coimhdeacha arna soláthar ag gnólacht infheistíochta. Bíonn gnólacht infheistíochta a ghabhann do ghníomhaíochtaí amhail creidmheasanna nó iasachtaí a dheonú d'infheisteoir neamhchosanta do riosca leachtachta níos airde agus dá bhrí sin níor cheart gnólacht infheistíochta den sórt sin a dhíolmhú ó cheanglais leachtachta.
15. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an bhfuil seirbhísí eile arna soláthar ag gnólacht infheistíochta ina gcúis le riosca leachtachta agus ráthaíochtaí á soláthar do chliaint nó do thríú páirtithe, toisc go bhfuil siad faoi réir ceanglais leachtachta níos airde freisin i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/2033. Ba cheart an measúnú céanna a dhéanamh maidir le gnólacht infheistíochta a ghabhann d'iasachtú urrús, toisc go mbeadh gnólacht infheistíochta neamhchosanta ar riosca leachtachta toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-iasachtaí in ann urrúis a thabhairt ar ais in am nó ar éileamh don ghnólacht infheistíochta.
16. Ba cheart d'údaráis inniúla suíomhanna ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de a mheas, lena n-áirítear suíomhanna díorthacha neamh-leabhair trádála arna sealbhú chun críocha fálaithe, agus gnólacht infheistíochta á dhíolmhú ó cheanglais leachtachta, toisc go bhféadfadh gnólacht infheistíochta a shealbháinn méideanna suntasacha ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a bheith neamhchosanta ar riosca leachtachta ábhartha.
17. Níor cheart do na húdaráis inniúla díolúine a dheonú i gcás ina mbíonn gnólacht infheistíochta ag gabháil d'idirbhearta in airgeadraí eachtracha ar scála suntasach agus go bhféadfaí cumas an ghnólachta infheistíochta chun airgeadraí a mhalartú agus a rochtain ar na margaí malairte eachtraí ábhartha a lagú faoi choinníollacha struis.

4.3 Critéir le haghaidh díolúine

18. Ba cheart d'údaráis inniúla, tar éis dóibh iarratas a fháil ó ghnólacht infheistíochta, a mheasúnú an bhféadfaí an gnólacht infheistíochta sin a dhíolmhú ó cheanglais leachtachta bunaithe ar riachtanais acmhainní airgeadais an ghnólachta infheistíochta le haghaidh foirceannadh ordúil nó athstruchtúrú.
19. Chun críche an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 18, ba cheart d'údaráis inniúla rioscaí an ghnólachta infheistíochta dá chliaint agus don ghnólacht féin, nádúr, raon feidhme agus castacht a ghníomhaíochtaí agus na cineálacha gníomhaíochtaí a dhéanann an gnólacht a chur san áireamh agus, má tá sé ar fáil, aon toradh ar an athbhreithniú maoirseachta agus ar an meastóireacht a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034.

20. Féadfaidh údaráis inniúla gnólacht infheistíochta a sholáthraíonn comhairle bainistíochta punainne nó infheistíochta a dhíolmhú ar bhonn leanúnach nuair a bhainistíonn an gnólacht infheistíochta sócmhainní arna dtarmligean chuige ag institiúidí airgeadais eile.
21. Ba cheart an measúnú ar na riachtanais le haghaidh acmhainní airgeadais leachtacha a dhéanamh faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi dhálaí struis aron, as a dtagann riosca méadaithe neamhréire idir eis-sreafaí agus insreafaí, go háirithe maidir le híocaíochtaí a bhaineann le suímh lasmuigh den chlár comhardaithe nó le costais dhlíthiúla.

4.4 Faisnéis atá le soláthar

22. Chun críche an mheasúnaithe ar an díolúine, ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha uile a úsáid, amhail, i gcás ina bhfuil sí ar fáil: (i) tuairisciú rialála, (ii) cuntasáocht agus tuairisciú airgeadais, (iii) cuntais inmheánacha an ghnólachta infheistíochta, (iv) conclúidí ILAAP agus ICAAP, (v) pleananna foirceanta an ghnólachta infheistíochta.
23. Ba cheart d'údaráis inniúla aon fhaisnéis bhreise nó aon fhianaise bhreise a iarraidh chun a áirithiú nach bhfuil an gnólacht infheistíochta atá ag lorg na díolúine neamhchosanta ar riosca leachtachta.
24. I gcás ina dtarlaíonn athrú ábhartha ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach leis an iarratas ar dhíolúine, ba cheart do ghnólacht infheistíochta an fhaisnéis leasaithe a chur isteach arís gan mhoill.

4.5 An díolúine a leasú agus a tharraingt siar

25. Níor cheart d'údaráis inniúla díolúine a dheonú do ghnólacht infheistíochta má mheasann siad nach gcomhlíonann gnólacht infheistíochta na critéir le haghaidh díolúine tráth na hiarrata nó gur dócha nach gcomhlíonfaidh sé na critéir ina dhiaidh sin.
26. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go gcuirfidh an gnólacht infheistíochta an t-údarás inniúil ar an eolas má tá athruithe tagtha ar imthosca ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta a bhaineann le comhlíonadh na gcritéir díolúine.
27. Ba cheart d'údaráis inniúla an díolúine a tharraingt siar má mheasann siad nach bhfuil na critéir maidir leis an díolúine a leagtar amach sna treoirlínte seo á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an ngnólacht infheistíochta nó má mheasann an t-údarás inniúil, ag céim ar bith, gur gá don ghnólacht infheistíochta a bhfuil díolúine faighte aige cheana féin na ceanglais leachtachta a chomhlíonadh de bharr riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart d'údaráis inniúla an gnólacht infheistíochta a chur ar an eolas láithreach faoin gcinneadh an díolúine a tharraingt siar.

28. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais leachtachta a leagtar amach in Airteagal 43(1) 90 lá ar a dhéanaí tar éis an dáta a dtugtar fógra faoi chinneadh an údaráis inniúil an díolúine a chúlghairm.